# Pleanáil do Cheol Scáfar

Oide — Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí — Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

*Go lárnach san athchóiriú ar an tsraith shóisearach tá an gá tógáil ar ár dtuiscint ar oideachas, deiseanna foghlama den scoth a chur ar fáil a chruthaíonn cothromaíocht idir eolas a fhoghlaim agus raon leathan scileanna agus cumais smaointeoireachta a fhorbairt*

…Creat don tSraith Shóisearch (2015) l. 31

## Cén fhoghlaim atá I gcroílár na dtorthaí foghlama seo?

**1.2** píosa gairid a chruthú agus a chur i láthair, ag baint úsáid as uirlisí agus/nó fuaimeanna eile mar fhreagairt ar spreagthach

**1.3** tionlacan armónach nó rithimeach a dhearadh, an tionlacan sin a thaifeadadh agus tobchumadh a dhéanamh ar an taifeadadh sin

**1.4** cordaí a léiriú atá oiriúnach chun tacaíocht armónach a chur ar fáil do líne aonair shéise

**1.12** a léiriú nuair a athraíonn corda i sleachta ó rogha amhrán

**2.7** roinnt smaointe ceoil a chruthú agus a chur i láthair ag baint úsáid as uirlisí agus/nó fuaimeanna a thángthas orthu chun mothú nó mothúcháin atá curtha in iúl i ndán, scéal nó alt nuachtáin a léiriú

**3.2** scrúdú agus léirmhíniú a dhéanamh ar an tionchar atá ag ceol chun carachtair a mhealladh, a gcaidrimh agus a gcuid mothúcháin, de réir mar a iniúchtar é sa cheol uirliseach ó sheánraí éagsúla

**3.5** samplaí de cheol teagmhasach a chumadh agus a thaibhiú a d'fhéadfaí a úsáid i gcomhthéacsanna nó i dtimpeallachtaí éagsúla

**3.6** ceangal a dhéanamh idir sleachta ceoil agus téacsanna éagsúla/sleachta ceoil a chomhoiriúnú le téacsanna éagsúla (focail, scannán, teanga) agus údar a thabhairt leis na cúiseanna lenar roghnaíodh an píosa ceoil sin le teacht leis an téacs



| Fianaise ar Fhoghlaim: Tasc | Eispéireas Foghlama |
|---|---|
| Déan iniúchadh ar an gcaoi ar féidir le comhábhair an cheoil tionchar a imirt ar léiriú carachtar, a gcaidreamh agus a mothúcháin | ♪ Pléigh gach stíl cheoil faoi na ceannteidil – mothú, luas/tempo, dinimic, séis, uirlisí, srl<br>♪ Cén ceol is fearr a d'oibrigh agus cén fáth?<br>♪ Déan iniúchadh ar na comhábhair cheoil a d'fhéadfadh a bheith úsáideach agus tú ag cumadh i gcomhair carachtair ar leith |



| Fianaise ar Fhoghlaim: Tasc | Eispéireas Foghlama |
|---|---|
| Éist le 'A Night on Bare Mountain' le Mussorgsky agus déan iniúchadh air chun do phíosa ceol teagmhasach féin a chumadh agus atmaisféar scáfar a chruthú | ♪ Cruthaigh ostinato rithim aon bharra<br>♪ Bain úsáid as cnagadh coirp, guthanna, fuaimeanna a thángthas orthu nó eile, cruthaigh smaoineamh ceoil gairid<br>♪ Bain úsáid as 5 nóta chun séis a chruthú<br>♪ Déan iniúchadh ar an gcaoi ar chruthaigh Mussorgsky a dhamhsha cailleach |



| Fianaise ar Fhoghlaim: Tasc | Eispéireas Foghlama |
|---|---|
| Déan iniúchadh ar agus sainaithin na cordaí a úsáidtear sa Monster Mash | ♪ Éist leis an sliocht agus lean na liricí<br>♪ Tarraing bosca os cionn na lirice ina gcloiseann tú athrú córda<br>♪ Meaitseáil an corda ceart leis an liric aitheanta trí na boscaí a líonadh |



CC BY NC